**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna cuí ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30-11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair cuid (A) agus cuid (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Seiceáil ar dtús an bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA (12 mharc)**
**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is é an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Gaillimh | ☐ | (b) Béal Feirste | ☐ | |
| (c) Baile Átha Cliath | ☑ | (d) Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Daoine a dhéanann staidéar ar sheanrudaí a fhaightear sa talamh is ea:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) bitheolaithe | ☐ | (b) seandálaithe | ☐ | |
| (c) pluiméirí | ☐ | (d) leabharlannaithe | ☐ | (1) |

***2.*** Is é a léiríonn compás ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) fad | ☐ | (b) taitneamh na gréine | ☐ | |
| (c) treo | ☐ | (d) fliuchras | ☐ | (1) |

***3.*** Is gnách go bhfaightear foirgnimh a dtugtar cloigthithe orthu:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) i mainistir | ☐ | (b) i mbaile Lochlannach | ☐ | |
| (c) ar fheirm | ☐ | (d) i gcalafort | ☐ | (1) |

***4.*** I gceantar cónaithe, is gnách go bhfaightear a lán:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) siopaí | ☐ | (b) tithe | ☐ | |
| (c) feirmeacha | ☐ | (d) monarchana | ☐ | (1) |

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is é an tsiombail do stáisiún traenach ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) spota dearg ar líne dhubh | ☐ | (b) ciorcal agus cearnóg timpeall air | ☐ | |
| (c) réalta ghorm | ☐ | (d) an litir mhór H | ☐ | (1) |

***6.*** Tá bratach an Aontais Eorpaigh:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) gorm agus AE scríofa uirthi | ☐ | (b) gorm le fáinne réaltaí órga | ☐ | |
| (c) dearg, bán agus gorm | ☐ | (d) gorm agus bán | ☐ | (1) |

***7.*** Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) ar bháid | ☐ | (b) de shiúl na gcos | ☐ | |
| (c) ar chapaill agus carranna | ☐ | (d) ar thraenacha | ☐ | (1) |

***8.*** Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ionaid oiliúna:

(a) don airgeadas ☐ (b) don taighde ☐

(c) don chaitheamh aimsire ☐ (d) don oideachas ☐ (1)

***9.***

Is é seo an lógó atá ag grúpa ar a dtugtar:

(a) Trádáil Chóir ☐ (b) Cumann na Croise Deirge ☐

(c) Na Náisiúin Aontaithe ☐ (d) Concern ☐ (1)

***10.*** Is é a thugtaí ar an uisce timpeall ar chaisleán ná:

(a) túirín ☐ (b) daingean ☐

(c) droichead tógála ☐ (d) móta ☐ (1)

***11.*** Is é a thugtaí ar na daoine a tháinig go hÉirinn roimh na Normannaigh ná:

(a) Draoithe ☐ (b) Ceiltigh ☐

(c) Lochlannaigh ☐ (d) Sacsanaigh ☐ (1)

***12.*** Cé acu ceann díobh seo a leanas ar cineál frasaíochta é?

(a) taitneamh na gréine ☐ (b) sneachta ☐

(c) scamaill ☐ (d) tonn teasa ☐ (1)

***13.*** Cé acu díobh seo a leanas atá ina chathair in Éirinn?

(a) Learpholl ☐ (b) Palma ☐

(c) Bergen ☐ (d) Port Láirge ☐ (1)

***14.*** Is é is cumhacht hidrileictreach ann ná:

(a) cumhacht ó uisce ☐ (b) cumhacht ó thonnta ☐

(c) cumhacht ó ola ☐ (d) cumhacht ó sholas na gréine ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Foirgneamh cáiliúil amháin ón tsibhialtacht sin

**NÓ**

(b) Éadaí a chaith na daoine

**NÓ**

(c) Tithe inar chónaigh daoine

**NÓ**

(d) Nósanna sochraide agus adhlactha ag an am sin

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ____________________________________

(6)

## (C) AN SAOL MANACHÚIL IN ÉIRINN (6 mharc)

**Meaitseáil na pictiúir leis na tuairiscí.**



**Pictiúr A**




**Pictiúr B**



**Pictiúr C**



**Pictiúr D**



**Pictiúr E**



**Pictiúr F**

| **Tuairisc** | **Pictiúr** |
|---|---|
| Ardchros | |
| Cloigtheach | |
| Teach screaptra | |
| Corann | |
| Mainistir | |
| Clochán | |

**CEIST 2**

**24 marc**

**FREAGAIR CUID (A) NÓ CUID (B)**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS **(24 marc)**

**Léigh an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.**

### *Rialacha i gcomhair Lonnaitheoirí 1610*

| | |
|---|---|
| ***Cíos*** | Íocfaidh siad £5.33 mar chíos lena Mhórgacht gach bliain. |
| ***Foirgnimh*** | Gealltóirí a fhaigheann píosa mór talún, ní mór dóibh teach mór cloiche a thógáil le bábhún láidir timpeall air.<br>Gealltóirí a fhaigheann píosa measartha talún, ní mór dóibh teach brící a thógáil le bábhún láidir timpeall air.<br>Gealltóirí a fhaigheann píosa beag talún, ní mór dóibh bábhún láidir, ar a laghad, a thógáil. |
| ***Teaghlaigh*** | Déanfaidh gach gealltóir 24 fear láidir Sasanach nó Albanach a lonnú ar a chuid talún.. |
| ***Airm*** | Beidh stór arm ag gach gealltóir ina theach i gcónaí. |
| ***Tionóntaí*** | Cinnteoidh gealltóirí go dtógfaidh a gcuid tionóntaí tithe gar dá chéile i gcomhair cosanta agus chun sráidbhailte agus bailte móra a dhéanamh. |

*1.* Cathain a leagadh síos na rialacha seo? ______________________ (1)

*2.* Cé mhéad a bhí ar an gcíos gach bliain?______________________ (1)

*3.* Má fuair gealltóir píosa mór talún, cad a bhí air a thógáil air?

______________________ (1)

*4.* Cad iad na cineálacha fear a raibh ar na gealltóirí a lonnú ar a gcuid talún?

______________________ (1)

*5.* Tabhair **DHÁ** chúis a raibh ar na tionóntaí a gcuid tithe a thógáil gar dá chéile.

a. ______________________

b. ______________________ (2)

*6.* Cérbh iad siúd a raibh orthu stór arm a choinneáil ina dtithe?


______________________ (2)

*7.* Cad is brí le **DHÁ** cheann de na focail a bhfuil líne fúthu sa sliocht?

A Mhórgacht ______________________

Bábhún ______________________

Tionóntaí ______________________(4)



***íomhá ó scoilnet.ie***

***8.*** An le gealltóir a fuair píosa mór, píosa measartha nó píosa beag talún an teach sa phictiúr thuas? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra. Cuimhnigh ar na rialacha a léamh ar an leathanach roimhe seo.

Fuair an gealltóir seo píosa ____________________________ talún.

Cúiseanna le mo fhreagra:

a. ______________________________________________________________________________

b. ______________________________________________________________________________(4)

***9.*** Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

Éireannach a chaill talamh le linn plandála **NÓ** Na cúiseanna a bhí leis na plandálacha.

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________


______________________________________________________________________________ (8)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**DÍFHORAOISIÚ**

**Féach ar an eolas san íomhá thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**




*Cóipcheart na híomhá www.mongabay.com*

1. In 1994, leagadh __________________km cearnach d'fhoraois sa Bhrasaíl. (2)

2. In 2012, leagadh díreach faoi bhun ____________________km cearnach d'fhoraois sa Bhrasaíl. (2)

3. Tabhair **DHÁ** chúis a raibh na foraoisí á leagan sa Bhrasaíl.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

4. Tabhair **DHÁ** chúis leis an athrú ar líon na gcrann a bhí á leagan.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

**FAVELAS SA BHRASAÍL**




In 2014, bhí Corn an Domhain FIFA ar siúl sa Bhrasaíl. Bogadh mórán daoine bochta a bhí ina gcónaí in favelas amach astu le spás a dhéanamh do na staideanna peile. Rinne na daoine mórán agóidí ach, faoi dheireadh, úsáideadh an t-arm chun iad a bhogadh amach.
Seo múrphictiúr ó Favela Metro in Rio. Is é an t-aistriúchán ar an scríbhinn ná:
**'Ár bpobal á scriosadh do Chorn an Domhain – go raibh maith agaibh, a FIFA'**

***5.*** Cén fáth a raibh lucht eagraithe Chorn an Domhain ag iarraidh go mbeadh na daoine a bhí ina gcónaí sna favelas imithe astu?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (2)

***6.*** Tabhair **DHÁ** ghiota fianaise a thaispeánann nach raibh na daoine a bhí ina gcónaí sna favelas ag iarraidh imeacht astu.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (4)

***7.*** Scríobh a bhfuil ar eolas agat faoin saol sna **FAVELAS**, ceantair na mbailte seantán i gcathracha na Brasaíle, ina bhfuil cónaí ar mhórán de na daoine bochta sa Bhrasaíl.

***Leideanna – sábháilteacht, soláthar uisce, leictreachas, oideachas, seirbhísí, coireacht, pobal***

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (6)

# CEIST 3

**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

**Pictiúr A**

Féach ar an bpictiúr thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.



***1.*** Cad a thug cumhacht don mheaisín i bPictiúr A?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (1)

***2.*** An dtaispeánann Pictiúr A sampla de thionscal baile nó de thionscal monarchan?

Tionscal baile ☐ Tionscal monarchan ☐ (1)

Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.


a.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (1)

b.____________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (1)

**Pictiúr B**
Féach ar an bpictiúr thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.



***Cóipcheart an fhótagraif Science Museum / Science & Society Picture Library ó http://http://www.makingthemodernworld.org.uk***

***3.*** Cad a thug cumhacht do na meaisíní i bPictiúr B?

________________________________________ (1)

***4.*** Cén cineál meaisín (Pictiúr A nó Pictiúr B) a d'fhéad níos mó snátha a shníomh?

________________________________________ (1)

***5.*** Mínigh **DHÁ** bhealach ar athraigh an Réabhlóid Thionsclaíoch saol oibrithe.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (6)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Taispeánann an fótagraf seo saighdiúirí a dalladh de bharr ionsaí deoirgháis sa Chéad Chogadh Domhanda. Féach air agus freagair na ceisteanna thíos.**



***Taismigh de bharr gáis, ón 55ú Rannán Briotanach 10 Aibreán 1918 le Thomas Keith Aitken (Dara Leifteanant)***

***1.*** Cén t-éadach nó trealamh cosanta a tugadh do na saighdiúirí chun iad a chosaint ar ghás?

____________________________________________ (2)

***2.*** Seachas gás, ainmnigh **DHÁ** arm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

____________________ agus ____________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Lusitania (b) An saol sna trinsí (c) Na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda

____________________________________________ (6)

<u>**NÓ**</u>

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar an bhfótagraf agus léigh an t-eolas lena thaobh, ansin freagair na ceisteanna thíos.**




Taispeánann an pictiúr seo lár Coventry i Sasana i ndiaidh aerionsaí ó na Gearmánaigh. Cathair ab ea Coventry ina raibh mórán monarchana ina ndéantaí airm agus trealamh d'arm na Breataine. Bhí mórán monarchana in Coventry, chomh maith, ina ndéantaí innill eitleán.

***"Damáiste ó bhuamaí in Coventry H5600" le Taylor (Lt) –Grianghrafadóir Oifigiúil na hOifige Cogaidh***

*1.* Ainmnigh cathair Bhriotanach **AMHÁIN** eile a ndearnadh buamáil throm uirthi le linn an Dara Cogaidh Dhomhanda.

______________________________________________ (2)

*2.* Tabhair **DHÁ** chúis ar dhírigh aerfhórsa na Gearmáine ar Coventry.

______________________________________________

______________________________________________ (4)

*3.* Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Foscadáin aer-ruathair (b) Buamáil Hiroshima (c) Blitzkrieg

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

# CEIST 4

**24 marc**

**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B).**

**AN DOMHAN FORBARTHA AGUS AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**

**(A) TRÁCHT I gCATHRACHA FORBARTHA** **(12 mharc)**

**Féach ar na fótagraif agus freagair na ceisteanna a leanann iad:**







Bhí trácht trom ina fhadhb i gcónaí i gcathracha sa domhan forbartha. Seo roinnt tuairimí chun é a fheabhsú. Luaigh **RUD MAITH AMHÁIN** agus **RUD DONA AMHÁIN** le gach tuairim.



Carranna a thoirmeasc. ____________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________(4)




Tuilleadh busanna a cheannach ______________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ (4)





Saorthaisteal a thabhairt do gach duine _________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________ (4)

**(B) IMIRCE – TOSCA BRÚ /TARRAINGTHE** **(12 mharc)**




Bogann daoine ón áit a bhfuil cónaí orthu go háit eile ar roinnt cúiseanna.

Cuireann cúiseanna áirithe **BRÚ** orthu a seanáiteanna cónaithe a fhágáil agus cruthaíonn cúiseanna eile **TARRAINGT** chun cónaí in áit nua.

***1.*** Féach ar an liosta thíos agus scríobh síos pé acu tosca **BRÚ** nó tosca **TARRAINGTHE** d'imircigh iad na cúiseanna. Tá dhá cheann déanta duit cheana féin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cogadh sa bhaile | **BRÚ** | Teip ar bharra | _______ |
| Pá níos fearr sa tír nua | _________ | Gan aon jabanna sa seantír | _______ |
| Scoileanna maithe | **TARRAINGT** | Cúram sláinte níos fearr | _______ |
| Crith talún | _________ | Tuilte | _______ |
| Seans maith ar jab a fháil | _________ | Gorta | _______ |

(8)

***2.*** Nuair a thagann na himircigh isteach ina dtír nua, bíonn fadhbanna acu, uaireanta. Tabhair **DHÁ** shampla de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith acu.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Seiceáil an bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1: 50,000 agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Dhún Garbhán agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh an príomhbhóthar náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh an bóthar náisiúnta den dara grád a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________ (2)

***3.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| a. | Tá aerfort i nDún Garbhán | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| b. | Tá stáisiún Gardaí i nDún Garbhán | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| c. | Tá oifig turasóireachta i nDún Garbhán | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ |
| d. | Tá dhá oifig phoist i nDún Garbhán | FÍOR ☐ | BRÉAGACH ☐ (4) |

***4.*** Úsáid an léarscáil agus tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn sa cheantar.

____________________ agus ____________________ (4)

***5.*** Tá an pointe is airde ar an léarscáil seo ag S275 006.

Is é an t-ainm atá ar an gcnoc seo ná ______________________________ (2)

Is é a airde______________________________ méadar (2)

***6.*** Tabhair píosa amháin fianaise ón léarscáil **NÓ** ón bhfótagraf a léiríonn gur baile é Dún Garbhán a bhí cosanta go maith san am a caitheadh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***7.*** Féach ar an léarscáil **AGUS** ar an bhfótagraf agus luaigh cén fhianaise atá ann go mbeadh Dún Garbhán ina ionad maith i gcomhair saoire.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)